C/2025/6088

10.11.2025

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2025/6088)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

Ar leathanach 332, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:

‘**8427 Forcardaitheoirí; trucailí oibreacha eile a bhfuil trealamh ardúcháin nó láimhsithe feistithe orthu:**

agus

8429 Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair, iad féinghluaiste:

Áirítear leis na ceannteidil sin meaisíní féinghluaiste a bhfuil rothaí orthu agus atá feistithe le búm tosaigh teileascópach — atá deartha chun uirlisí inmhalartaithe éagsúla a fheistiú air (amhail foirc, foirc phailléid, géaga, greamairí, sluaistí) — rud a fhágann go bhféadfaí iad a aicmiú faoi cheannteidil 8427 nó 8429.

Ag brath ar a gcumraíocht tráth an chur i láthair, cinntear a n-aicmiú de réir na bprionsabal seo a leanas:

(1) meaisíní a chuirtear i láthair le huirlis inmhalartaithe ar leith, aicmítear iad faoin gceannteideal a chomhfhreagraíonn d’fheidhm an mheaisín atá feistithe leis an uirlis sin. Mar shampla, má chuirtear an meaisín i láthair le forcardaitheoir, ba cheart é a aicmiú faoi cheannteideal 8427. (Féach freisin tuairim 842720/1 maidir le hAicmiú CC),

(2) meaisíní a chuirtear i láthair le roinnt uirlisí inmhalartaithe, ar uirlisí iad lena gcuirtear ar a gcumas do na meaisíní sin feidhmeanna a thagann faoi raon feidhme cheannteidil 8427 agus 8429 a dhéanamh, aicmítear iad i gcomhréir le Nóta 3 a ghabhann le Roinn XVI nó trí Riail Léirmhínithe Ghinearálta 3 (c) a chur i bhfeidhm. (Féach freisin an (NMCC) a ghabhann le ceannteideal 8426, MEAISÍNÍ FÉINGHLUAISTE AGUS MEAISÍNÍ “SOGHLUAISTE” EILE (b) (1)),

(3) déantar na meaisíní céanna a chuirtear i láthair gan aon uirlis inmhalartaithe mar a luaitear thuas a aicmiú trí Riail Léirmhínithe Ghinearálta 3 (c) faoi cheannteideal 8429 a chur i bhfeidhm.’

([1]) Rialachán (CEE) ón gComhairle Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.